Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13402/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0076 (COD)**

**ENER 584**
**ENV 1101**
**CLIMA 464**
**COMPET 1092**
**CONSOM 265**
**FISC 309**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 488 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le héifeachtacht pionós coiriúil na mBallstát a thabhairt isteach i leith cásanna toiliúla agus tromchúiseacha drochúsáide margaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 488 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 488 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2026
COM(2026) 488 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le héifeachtacht pionós coiriúil na mBallstát a thabhairt isteach i leith cásanna toiliúla agus tromchúiseacha drochúsáide margaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh an Aontais**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le héifeachtacht pionós coiriúil na mBallstát a thabhairt isteach i leith cásanna toiliúla agus tromchúiseacha drochúsáide margaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh an Aontais**

Clár


I. Réamhrá: Sáruithe ar REMIT ..... 2

II. Modheolaíocht ..... 6

III. Creat an Aontais maidir le cionta coiriúla agus pionóis ..... 7

IV. Staid na himeartha maidir le sáruithe REMIT agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ..... 8

V. Torthaí ..... 13

# I. Réamhrá: Sáruithe ar REMIT

Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh ('REMIT')[1] le Rialachán (AE) 2024/1106 ('REMIT II')[2], a tháinig i bhfeidhm an 7 Bealtaine 2024 (tagraítear do REMIT arna leasú le REMIT II mar 'REMIT leasaithe' chun críoch na tuarascála seo).

Is príomhphíosa reachtaíochta de chuid an Aontais é REMIT. Is é is aidhm dó sláine agus trédhearcacht na margaí mórdhíola fuinnimh a áirithiú trí chreat a thabhairt isteach chun drochúsáid mhargaidh a chosc agus a bhrath.

Ceanglaítear an méid seo a leanas le hAirteagal 21a(2) de REMIT leasaithe:

*'2. Faoin 1 Meitheamh 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht na bpionós coiriúil arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit i leith cásanna intinneacha agus tromchúiseacha de dhrochúsáid margaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh an Aontais agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfar bearta iomchuí a mholadh sa tuarascáil, agus féadfar tíolacadh togra reachtaigh a áireamh ar na bearta sin.'*

Is é is aidhm don tuarascáil seo ('an tuarascáil') aghaidh a thabhairt ar oibleagáid an Choimisiúin Eorpaigh de réir Airteagal 21a(2) de REMIT leasaithe. I Roinn I den tuarascáil tá faisnéis chúlra maidir le REMIT leasaithe agus na hoibleagáidí ábhartha a thug REMIT II isteach maidir leis na Ballstáit a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú i gcás sáruithe ar REMIT. Mínítear i Roinn II an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún chun an tuarascáil seo a thiomsú. I Roinn III, tugtar tuairisc ar an gcreat dlíthiúil ar laistigh de atá inniúlachtaí ag an Aontas maidir le comhfhogasú dhlíthe coiriúla agus rialacháin choiriúla na mBallstát. Tugtar forléargas i Roinn IV ar na bearta atá curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh sáruithe REMIT agus ar thimpeallacht forfheidhmiúcháin REMIT ar fud an Aontais i gcoitinne. Ar deireadh, tugtar Roinn V i gcrích le torthaí an Choimisiúin. Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1). http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R1227.

[2] Rialachán (AE) 2024/1106 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh, OJ L, 2024/1106, 17.4.2024, LEE: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32024R1106.

Mar chúlra, le hAirteagal 18 de REMIT, ina fhoirmliú bunaidh, cuireadh d'oibleagáid ar na Ballstáit na rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe REMIT, agus gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Foráladh leis an bhforáil freisin gur cheart na pionóis sin a cheapadh sa chaoi is go mbeadh siad éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, agus go léireoidh siad cineál, fad agus tromchúis an tsáraithe, an damáiste a rinneadh do thomhaltóirí agus na gnóthachain ionchasacha ó thrádáil ar bhonn faisnéise chos istigh agus ar bhonn cúblála margaidh. Níor leagadh amach in Airteagal 18 de REMIT creat sonrach pionós do na Ballstáit.

Le linn athbhreithniú 2023–2024 ar REMIT, tugadh faoi deara go raibh éagsúlacht mhór i bhforfheidhmiú rialacha REMIT ar fud dhlínsí an Aontais. Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin níos ísle ná mar is gnách. I gcásanna eile, níor leor fíneálacha as sáruithe mar dhíspreagadh i gcoinne sáruithe amach anseo.

Thug REMIT II roinnt leasuithe móra isteach chun aghaidh a thabhairt ar na neamhréireachtaí sin, chun forfheidhmiú éifeachtach i gcoinne sáruithe REMIT a áirithiú agus, dá bhrí sin, sláine an mhargaidh a neartú a thuilleadh.

Go sonrach, léirigh REMIT II an géarghá atá le creat níos aonfhoirmí agus níos láidre a leagan amach chun cúbláil margaidh i margaí mórdhíola fuinnimh a chosc. Chuige sin, leasaíodh REMIT chun foráil a dhéanamh maidir le liosta sonrach beart ba cheart a bheith ar fáil do na húdaráis rialála náisiúnta ('ÚRNanna') agus sáruithe REMIT á bhforfheidhmiú acu. Go háirithe, chuir REMIT II i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh na cumhachtaí riachtanacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe ag ÚRNanna, a leagtar amach cheana in Airteagal 13(2) de REMIT, is é sin na cumhachtaí chun (a) rochtain a fháil ar aon doiciméad ábhartha in aon fhoirm, agus cóip de a fháil; (b) faisnéis a éileamh ó aon duine ábhartha, lena n-áirítear iad sin a bhfuil baint comhleanúnach acu le tarchur orduithe nó le seoladh na n-oibríochtaí lena mbaineann, chomh maith lena gcuid príomhaithe, agus más gá, an ceart chun duine nó príomhaí den sórt sin a thoghairm agus a éisteacht; (c) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh; (d) taifid theileafóin atá ann cheana agus taifid de thrácht sonraí atá ann cheana a éileamh; (e) a éileamh go scoirfear d'aon chleachtas atá contrártha do REMIT nó d'aon ghníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin; (f) a iarraidh ar chúirt sócmhainní a chalcadh nó a fhorlámhú; agus (g) a iarraidh ar chúirt nó ar aon údarás inniúil toirmeasc sealadach a fhorchur ar ghníomhaíocht ghairmiúil.

Ina theannta sin, le hAirteagal 18(3) nua de REMIT II tugadh isteach oibleagáidí ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé de chumhacht ag ÚRNanna na fíneálacha riaracháin agus na bearta

riaracháin eile seo a leanas ar a laghad a fhorchur maidir le sáruithe REMIT: (a) a cheangal go gcuirfí deireadh leis an sárú; (b) aisíoc na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar na sáruithe a ordú, a mhéid is féidir iad a chinneadh; (c) foláirimh phoiblí nó fógraí poiblí a eisiúint; (d) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur; agus (e) fíneálacha riaracháin a fhorchur.

Le hAirteagal 18(4) nua de REMIT II, tugadh isteach creat chun comhchuibhiú íosta a dhéanamh ar fhíneálacha riaracháin, lena gcinntear conas ba cheart fíneálacha riaracháin uasta a bhunú ar an leibhéal náisiúnta [3]. Bhí sé d'aidhm ag na leasuithe sin a áirithiú go bhforchuirfidh gach Ballstát fíneálacha atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach.

Ar bhealach níos mionsonraithe, tugtar isteach le hAirteagal 18(4) agus (5) nua de REMIT II creat comhchuibhithe íosta, ar dá réir nach mór do na Ballstáit fíneálacha riaracháin uasta a shocrú atá ar a laghad chomh hard leis na méideanna a shonraítear san Airteagal. Tá feidhm ag an gcomhchuibhiú sin maidir le sáruithe ar na hAirteagail seo a leanas de REMIT leasaithe:

- Airteagal 3, lena dtoirmeasctar trádáil cos istigh;
- Airteagal 4, lena bhforáiltear d'oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh faisnéis chos istigh a fhoilsiú;
- Airteagal 5, lena dtoirmisctear cúbláil mhargaidh;
- Airteagal 8, lena gcuirtear d'oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh sonraí atá nasctha le táirgí mórdhíola fuinnimh[4] chomh maith le sonraí bunúsacha[5] agus sonraí atá nasctha le neamhchosaintí rannpháirtithe sa mhargadh a thuairisciú do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER'). Leagtar amach mionsonraí maidir le hoibleagáid tuairiscithe rannpháirtithe sa mhargadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/256 ón gCoimisiún[6];
- Airteagal 9, lena bhforchuirtear oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh clárú le ÚRN sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe nó ina bhfuil cónaí orthu. Tugadh isteach le hAirteagal 9 freisin oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh atá bunaithe nó ina gcónaí i dtríú tír idirbhearta a dhéanamh a cheanglaítear a thuairisciú do ACER de bhun Airteagal 8(1) de REMIT leasaithe chun ionadaí a ainmniú san Aontas. Airteagal 15, lena ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí fógra a thabhairt faoi dhaoine a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta go gairmiúil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh, mar a tugadh

[3] Go háirithe, féadfaidh méid iarbhír na bhfíneálacha riaracháin atá le forchur i gcás sonrach an t-uasleibhéal dá bhforáiltear in REMIT II a bhaint amach, nó an leibhéal níos airde dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.

[4] Sainmhínítear 'táirgí mórdhíola fuinnimh' in Airteagal 2(4) de REMIT.

[5] Sainmhínítear 'sonraí bunúsacha' in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún.

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/256 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2026 maidir le tuairisciú sonraí lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 7c(2), Airteagal 8(1a), Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún, IO L 2026/256, 9.4.2026, ELI: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32026R0256.

isteach in REMIT II. Baineann na hoibleagáidí sin maidir le fógra a thabhairt le sáruithe áirithe ar REMIT agus tá siad dírithe ar ACER agus ar na ÚRNanna ábhartha.

Le REMIT II, cuirtear uirlisí ar fáil do na Ballstáit le haghaidh forfheidhmiú níos éifeachtaí i gcás sáruithe ar REMIT. Ós rud é gur thug REMIT II creat treisithe d'fhíneálacha riaracháin agus de bhearta riaracháin eile isteach, ní chuireann sé sin cosc ar na Ballstáit pionóis choiriúla a thabhairt isteach as sáruithe REMIT.

## II. Modheolaíocht

Chun a oibleagáid faoi Airteagal 21a(2) de REMIT leasaithe a chomhlíonadh agus chun tuiscint a fháil ar éifeachtacht na bpionós as sáruithe REMIT mar is infheidhme faoi láthair sna Ballstáit, d'ullmhaigh an Coimisiún ceistneoir a bhí dírithe ar na ÚRNanna, a scaipeadh trí Chomhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa ('CEER') i mí Mheán Fómhair 2024.

Áiríodh sa cheistneoir sin, nár díríodh ach ar chur chun feidhme reachtaíocht REMIT, ceisteanna maidir leis na creataí náisiúnta atá ann cheana, go háirithe maidir le fíneálacha riaracháin agus bearta riaracháin eile; an líon gcásanna um shárú atá ar siúl faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo in aghaidh an Bhallstáit (lena n-áirítear aon chinntí críochnaitheacha agus breithiúnais chúirte a ghlacadh) agus na pionóis ábhartha a forchuireadh; staitisticí a ghabhann leis ina léirítear na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh i ngach Ballstát; agus forléargas ar dhúshláin ar éirigh agus nár éirigh leo a tugadh os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla. Áiríodh sa cheistneoir sraith bhreise ceisteanna a bhí dírithe ar na Ballstáit, a sáraíonn a gcreat pionóis do REMIT ní hamháin pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile, ach freisin le haghaidh pionóis choiriúla agus bearta ceartais coiriúla eile.

Fuair an Coimisiún 26 fhreagra ó ÚRNanna ('na freagróirí') i 26 Bhallstát, a bhfuarthas 21 díobh i mí na Samhna 2024 agus na 5 cinn eile ag deireadh mhí an Mheithimh 2025. Níor fhreagair ÚRN amháin an ceistneoir. Dá bhrí sin, braitheann an tuarascáil seo ar an bhfaisnéis a chuireann 26 ÚRN isteach.

# III. Creat an Aontais maidir le cionta coiriúla agus pionóis

Leagtar amach sa roinn seo cúlra inniúlacht an Aontais reachtaíocht a rith i réimse an dlí choiriúil shubstaintigh, a rialaítear le hAirteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE').

I gcomhréir le hAirteagal 21a(2) de REMIT leasaithe, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh má mheasann sé gur gá do na Ballstáit pionóis choiriúla a thabhairt isteach as sáruithe REMIT.

I gcomhréir le hAirteagal 83(1) CFAE, féadfaidh an tAontas rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí áirithe coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Is iad seo a leanas na réimsí coireachta sin, a liostaítear go cuimsitheach in CFAE: an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine agus an teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí, an gháinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí agus airm, sciúradh airgid, an éillitheacht, góchumadh modhanna íocaíochta, coireacht ríomhairí agus an choireacht eagraithe ('coireanna Aontais'). Féadfaidh an Chomhairle an liosta sin a leathnú d'aon toil chun réimsí eile coireachta a chumhdach a chomhlíonann critéir na tromchúise agus na hábharthachta trasteorann, faoi réir toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

Go dtí seo, rinneadh é sin uair amháin, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle[7], lenar cuireadh an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais le liosta choireanna an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 83(2) CFAE, féadfaidh an tAontas rialacha íosta a ghlacadh freisin chun cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí a bhí faoi réir bearta comhchuibhithe faoi bheartais eile de chuid an Aontais. Cuimsíonn an inniúlacht sin, i bprionsabal, sraith leathan agus éagsúil de réimsí beartais. Mar sin féin, ní féidir é a fheidhmiú ach amháin i gcás ina bhfuil forfheidhmiú coiriúil **fíor-riachtanach** chun forfheidhmiú éifeachtach bheartas an Aontais lena mbaineann a áirithiú – is amhlaidh atá go háirithe i gcásanna tromchúiseacha drochúsáide margaidh i seirbhísí airgeadais[8].

[7] Cinneadh (AE) Uimh. 2022/2332 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar réimse coireachta a chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO L 308, ELI: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022D2332.

[8] Mar shampla, i ndáil le Treoir 2014/57/AE maidir le drochúsáid mhargaidh, Treoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais agus Treoir (AE) 2024/1203 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, IO L 173, 12.6.2014, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/57/oj.

# IV. Staid na himeartha maidir le sáruithe REMIT agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh

*Pionóis riaracháin agus choiriúla is infheidhme faoi láthair i mBallstáit an Aontais*

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuireann roinnt Ballstát ach bearta riaracháin i bhfeidhm chun forfheidhmiú a áirithiú i gcás sáruithe ar REMIT, agus déanann Ballstáit eile foráil freisin maidir le pionóis choiriúla, sa bhreis ar bhearta riaracháin. Tá creat ag Ballstát amháin nach bhfuil ann ach pionóis choiriúla.

Léirítear san fhíor thíos an líon Ballstát a chuireann na nithe seo a leanas i bhfeidhm: (i) bearta riaracháin amháin, (ii) meascán de bhearta riaracháin agus coiriúla agus (iii) bearta coiriúla amháin chun forfheidhmiú a áirithiú i gcás sáruithe REMIT.

*Fíor 1: Pionóis as sáruithe REMIT (an líon Ballstát)*




**Foinse: Freagraí ó 26 Bhallstát ar cheistneoir an Choimisiúin*

De réir Fhíor 1, roghnaigh tromlach **15 as na 26 Bhallstát a d'fhreagair** pionóis riaracháin, lena n-áirítear fíneálacha, mar a bpríomhuirlis forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe REMIT agus chun neamhchomhlíontacht a chosc. Ar an taobh eile, chuir **Ballstát amháin** (Éire) creat chun feidhme atá bunaithe go heisiach ar phionóis choiriúla, agus ghlac na **10 mBallstát eile a d'fhreagair** (an Ostair, an Chipir, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ungáir, an Eastóin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSualainn) cur chuige déach, lena gcomhcheanglaítear pionóis riaracháin agus choiriúla mar dhíspreagadh i gcoinne sháruithe REMIT.

Chuir ÚRN amháin in iúl don Choimisiún go bhfuil a Bhallstát ag smaoineamh ar an gcreat atá ann faoi láthair, ina bhfuil pionóis riaracháin amháin, a fhorlíonadh le pionóis choiriúla. Go háirithe, chuir an ÚRN tograí faoi bhráid na hAireachta Dlí agus Cirt in 2022 agus 2023 chun sáruithe áirithe ar REMIT, is é sin sáruithe ar Airteagal 3 agus Airteagal 5, a aicmiú mar chionta coiriúla. Is é cuspóir an Bhallstáit sin a áirithiú go mbeidh a chreat náisiúnta ailínithe leis na forálacha atá ann faoi láthair maidir le cionta iompraíochta margaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014[9].

Os a choinne sin, an Ballstát amháin nach bhfuil ach pionóis choiriúla i bhfeidhm aige faoi láthair maidir le forfheidhmiú i gcás sáruithe REMIT, tá sé ag smaoineamh ar fhíneálacha riaracháin a thabhairt isteach ina ionad sin, chun forfheidhmiú níos éifeachtaí a áirithiú.

*Na rialacha atá ann faoi láthair i ndlíchórais náisiúnta maidir le fíneálacha riaracháin*

Chuir freagróirí an cheistneora faisnéis ar fáil maidir le leibhéil na bhfíneálacha riaracháin a forchuireadh as sáruithe REMIT. Tá éagsúlacht mhór idir na leibhéil sin i measc na mBallstát, agus léiríonn roinnt creataí fíneálacha riaracháin i dtéarmaí céatadán, ní shocraíonn creataí eile ach suimeanna, agus creataí eile ina gcomhcheanglaítear an dá cheann. Mar shampla, thug roinnt freagróirí le fios go bhforáiltear leis na creataí is infheidhme d'fhíneálacha suas le 8 % de láimhdeachas bliantúil an eintitis lena mbaineann, suas le 20 % i gcás athchionta nó gnóthachain airgeadais á gcur san áireamh. Mhínigh Ballstáit eile go bhfuil fíneálacha riaracháin idir EUR 20000 agus EUR 50000, agus forálacha ann maidir le fíneálacha a mhéadú bunaithe ar dhéine na sáruithe. Déantar foráil i gcórais náisiúnta eile maidir le fíneálacha idir thart ar EUR 300, agus an fhéidearthacht fíneálacha suas le 10 % d'ioncam bliantúil an eintitis lena mbaineann a ghearradh, mar aon le srianta sealadacha ar ghníomhaíochtaí trádála. Déanann roinnt Ballstát foráil d'fhíneálacha suas le EUR 6 mhilliún.

*Rialacha i ndlíchórais náisiúnta maidir le pionóis choiriúla*

Mar a luaitear thuas, thug 11 fhreagróir le fios go ndearnadh foráil maidir le pionóis choiriúla ina gcreataí rialála. Áiríodh leo sin fíneálacha coiriúla agus, i gcásanna áirithe, príosúnacht ar feadh uastréimhse 10 mbliana. I gcásanna áirithe, rinneadh foráil sa chreat freisin maidir le

[9] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún, ELI: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32014R0596.

sócmhainní a reo nó a choigistiú agus maidir le toirmisc shealadacha ar ghníomhaíochtaí gairmiúla.

Mar shampla, sholáthair freagróir amháin an creat mionsonraithe seo a leanas de phionóis choiriúla is infheidhme ina Bhallstát:

- Páirt a ghlacadh i gcúbláil mhargaidh: fíneáil suas le 5000 ráta laethúil, nó príosúnacht ar feadh idir 1 bhliain agus 10 mbliana, nó iad araon.
- Comhaontú a dhéanamh atá dírithe ar chúbláil mhargaidh: fíneáil suas le 2500 ráta laethúil.
- Faisnéis chos istigh a úsáid de shárú ar Airteagal 3(1)(a) de REMIT leasaithe: fíneáil suas le 5000 ráta laethúil, nó príosúnacht ar feadh idir 1 bhliain agus 10 mbliana, nó iad araon. Má gheallann duine dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(a) nó (c) de REMIT leasaithe an méid seo a leanas: fíneáil suas le 5000 ráta laethúil, nó príosúnacht ar feadh idir 2 bhliain agus 12 mbliana, nó iad araon.
- Nochtadh neamhdhleathach faisnéise cos istigh de shárú ar Airteagal 3(1)(b) de REMIT leasaithe: fíneáil suas le 2500 ráta laethúil, srianadh saoirse, nó príosúnacht ar feadh idir 3 mhí agus 5 bliana.
- Ceannach nó díol táirgí mórdhíola fuinnimh a mholadh nó a spreagadh bunaithe ar fhaisnéis chos istigh, de shárú ar Airteagal 3(1)(c) de REMIT leasaithe: fíneáil suas le 2 500 ráta laethúil, srianadh saoirse, nó príosúnacht ó 3 mhí go 5 bliana.
- Rún gairmiúil a nochtadh de shárú ar Airteagal 17 de REMIT leasaithe: fíneáil, srianadh saoirse, nó príosúnacht ar feadh idir 3 mhí agus 5 bliana.
- Mainneachtain socraitheora idirbheart gairmiúil Uachtarán ÚRN a chur ar an eolas faoi amhras réasúnach faoi chúbláil mhargaidh, faoi iarracht ar chúbláil mhargaidh, nó faoi úsáid mhíchuí faisnéise cos istigh, de shárú ar Airteagal 15 nua de REMIT leasaithe: fíneáil, srianadh saoirse, nó príosúnacht ar feadh idir 3 mhí agus 5 bliana.

Is léir ó na freagraí ar an gceistneoir, i gcás ina bhfuil creat ag na Ballstáit lena gcomhcheanglaítear pionóis riaracháin agus choiriúla araon as sáruithe REMIT, gur ghlac siad cur chuige cisealta ina bhfuil feidhm ag pionóis riaracháin maidir le sáruithe REMIT nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, agus go bhfuil feidhm ag pionóis choiriúla maidir le cionta níos

tromchúisí. I dtuairim na bhfreagróirí, ceadaítear leis an gcur chuige sin straitéis forfheidhmiúcháin níos caolchúisí, atá saincheaptha do dhéine an tsáraithe atá i gceist.

Mar shampla, mhínigh freagróir amháin go bhféadfadh sárú ar Airteagal 5 de REMIT leasaithe (toirmeasc ar chúbláil mhargaidh) a bheith ina chion coiriúil agus ina chion riaracháin araon, ag brath ar cé acu a sháraíonn nó nach gcosnaíonn an t-iompar atá i gceist praghas na dtáirgí mórdhíola fuinnimh. Mura bhfuil tionchar aige ar phraghas na dtáirgí mórdhíola fuinnimh ábhartha, meastar nach bhfuil an t-iompar chomh tromchúiseach céanna agus go bhfuil sé faoi réir pionóis de chineál riaracháin amháin agus vice versa.

*Dúshláin maidir le forfheidhmiú i gcás sáruithe ar REMIT*

Luaigh triúr freagróirí go bhféadfadh éifeacht dhíspreagthach níos airde a bheith ag pionóis choiriúla ná bearta forfheidhmiúcháin riaracháin. Mar sin féin, de réir na bhfreagraí a cuireadh isteach, bhí dúshláin mhóra roimh na Ballstáit a úsáideann pionóis choiriúla, go heisiach nó i gcomhar le bearta riaracháin, maidir le sáruithe REMIT a fhorfheidhmiú. Mar thoradh air sin, bhí leibhéil forfheidhmiúcháin níos ísle sna Ballstáit sin, ar na cúiseanna a mhínítear thíos.

Mhínigh roinnt freagróirí, mar shampla, go bhféadfadh cur chun feidhme smachtbhannaí coiriúla, lena gceanglaítear ar ÚRN cás a thabhairt os comhair na cúirte, agus/nó ionchúisitheoir agus, i gcás ina n-éiríonn leis, trialacha a bheith ann ina dhiaidh sin, a bheith ina dhúshlán d'fhorfheidhmiú éifeachtach REMIT. Is mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas atá sé amhlaidh.

*Ar an gcéad dul síos,* bíonn tionchar ag an bpróiseas ar fad ar uainiú. De ghnáth, tógann sé níos faide cás coiriúil a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear an chéim ina bhforchuirtear pionóis choiriúla a bhaint amach, ná cás lena mbaineann pionóis riaracháin a thabhairt i gcrích. Is amhlaidh atá freisin toisc, le pionóis riaracháin, go bhfuil cumhachtaí fíneála díreacha ag ÚRNanna ar na daoine atá luaite leis an iompar atá i gceist. Tuigeann an Coimisiún go bhféadfaí cur i leith thréigean na n-imeachtaí a chur i leith chastachtaí na drochúsáide margaidh i margaí fuinnimh freisin.

*Ar an dara dul síos*, de réir na bhfreagraí ar an gceistneoir, is próiseas é ionchúiseamh coiriúil sáraithe REMIT a bhfuil níos mó castachta ag baint leis ná iompar atá faoi réir pionóis riaracháin. Tá na castachtaí sa chéad chás nasctha le cineál coiriúil pionóis, e.g. an dualgas cruthúnais is gá chun go n-éireoidh le ÚRN dul ar aghaidh chuig ionchúiseamh. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach fianaise leordhóthanach a bhailiú don chomhlacht náisiúnta inniúil (ionchúisitheoirí de ghnáth nach gá go bhfuil siad eolach ar fheidhmiú na margaí fuinnimh)

chun an caighdeán cruthúnais is gá le haghaidh imeachtaí coiriúla a bhunú. Is amhlaidh atá go háirithe nuair a bhaineann sárú REMIT atá i gceist le hiompar arb ionann é agus cúbláil mhargaidh nó trádáil inmheánach, a mbíonn ardleibhéal sofaisticiúlachta i gceist leis go minic ó na rannpháirtithe margaidh atá i gceist. De réir na bhfreagraí ar an gceistneoir, ní raibh ach fíorbheagán ionchúiseamh rathúil (más ann dóibh) mar thoradh air sin, agus cuireadh deireadh le go leor cásanna nó rinneadh éigiontuithe mar thoradh orthu.

*Pionóis riaracháin a fhorfheidhmiú i leith sáruithe REMIT*

Cé nach bhfuil aon bhreithiúnas críochnaitheach cúirte ann nach mór lena bhforchuirtear pionóis choiriúla as sáruithe REMIT[10], léiríonn an líon cinntí agus na bhfíneálacha riaracháin a fhorchuireann na Ballstáit ar rannpháirtithe sa mhargadh timpeallacht forfheidhmiúcháin éagsúil. Mar shampla, thuairiscigh an dá Bhallstát a bhfuil an líon is airde cinntí a bhaineann le REMIT acu an méid seo a leanas:

- ghlac ceann amháin acu 43 chinneadh maidir le sáruithe REMIT ó bhí 2016 ann, agus gearradh fíneálacha riaracháin de thart ar EUR 10500000 ag gabháil leo;
- rinne an ceann eile 46 imscrúdú le cinntí gaolmhara maidir le sárú ó tugadh REMIT isteach in 2016, agus cuireadh 61 phionós i bhfeidhm, arbh fhiú EUR 115060096 san iomlán iad.

Tuairiscítear gur ghearr Ballstát eile fíneálacha as sáruithe éagsúla REMIT, arbh fhiú EUR 2560000 san iomlán iad.

Léiríonn na freagraí ar an gceistneoir go raibh na Ballstáit a bhfuil creataí fíneála riaracháin i bhfeidhm acu le haghaidh sháruithe REMIT in ann straitéis forfheidhmiúcháin níos sofhreagrúla agus níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus líon níos airde imscrúduithe a thabhairt i gcrích, le cinntí críochnaitheacha lena bhforchuirtear fíneálacha riaracháin nó bearta riaracháin eile.

*Éifeacht dhíspreagthach pionós riaracháin agus coiriúil*

Bhí ceist sa cheistneoir freisin maidir le héifeachtaí díspreagthacha na bpionós is infheidhme sna Ballstáit. Mar a léirítear i bhFíor 2 thíos:

[10] Thug na 11 Bhallstát a bhfuil pionóis choiriúla i bhfeidhm acu na freagraí seo a leanas: san Ostair, sa Chipir, sa Danmhairg, san Ungáir, in Éirinn, i Málta, san Ísiltír, sa Pholainn agus sa tSualainn, níor glacadh aon chinntí forfheidhmiúcháin go dtí seo; Tá dhá chás leanúnacha ag an nGearmáin ach níor glacadh aon chinntí go fóill. Níor thug an Eastóin freagra substainteach ar an gceist ábhartha.

- Mheas formhór na bhfreagróirí, 16 as na 26 fhreagróir, go bhfuil éifeacht dhíspreagthach leordhóthanach ag na bearta sin atá i bhfeidhm, rud a rannchuidíonn le forfheidhmiú éifeachtach i gcás sáruithe REMIT. Sna dlínsí sin, bhí an creat forfheidhmiúcháin bunaithe ar bhearta riaracháin. Mar shampla, luaigh ceann de na 16 fhreagra sin, sna ceithre chás REMIT a saothraíodh ó bhí 2011 ann agus a gearradh pionós dá réir sin le pionóis riaracháin EUR 75000, nach ndearna triúr as na ceithre rannpháirtí sa mhargadh ar forchuireadh pionóis riaracháin orthu aon sárú ar REMIT ina dhiaidh sin.
- Luaigh freagróir amháin, áfach, go raibh leibhéil na bhfíneálacha riaracháin is infheidhme ina dhlínse faoi seach diomaibhseach, i bhfianaise mhéid na rannpháirtithe sa mhargadh a raibh baint acu le hiompar neamhdhleathach líomhnaithe a bhaineann le REMIT.
- D'fhreagair 9 bhfreagróir nach raibh aon sonraí ar fáil acu maidir le sáruithe REMIT nó nach raibh fíneálacha mar thoradh ar aon chinneadh maidir le sárú ina ndlínsí.

*Fíor 2: An leibhéal sástachta atá ann faoi láthair le héifeacht dhíspreagthach na mbeart riaracháin i gcás sáruithe ar REMIT (de réir an líon tíortha)*




## V. Torthaí

Mar a léirítear thuas, i gcomhréir le hAirteagal 83(2) CFAE, ní féidir inniúlacht an Aontais pionóis choiriúla a ghlacadh a fheidhmiú ach amháin i gcás ina bhfuil forfheidhmiú coiriúil **fíor-riachtanach** chun forfheidhmiú éifeachtach bheartas an Aontais lena mbaineann a áirithiú. Bunaithe ar na freagraí ar an gceistneoir, ar an bhfaisnéis atá ag an gCoimisiún tráth scríofa na Tuarascála, agus ar Airteagal 18 de REMIT athbhreithnithe, **níl aon chosúlacht ann faoi láthair**

go bhfuil forfheidhmiú coiriúil fíor-riachtanach chun forfheidhmiú éifeachtach chreat REMIT a áirithiú. Tá an cinneadh sin gan dochar do réimsí eile, amhail drochúsáid mhargaidh i seirbhísí airgeadais, inar measadh go raibh forfheidhmiú coiriúil fíor-riachtanach chun forfheidhmiú éifeachtach bheartas an Aontais lena mbaineann a áirithiú.

Bunaithe ar na freagraí ar cheistneoir an Choimisiúin, agus ag an gcéim seo de chur chun feidhme REMIT, is cosúil go bhfuil dúshláin mhóra roimh na Ballstáit a bhfuil creataí forfheidhmiúcháin acu atá bunaithe ar phionóis choiriúla, go heisiach nó in éineacht le pionóis riaracháin, maidir le cásanna REMIT a thabhairt i gcrích nó teacht ar bhreithiúnais chríochnaitheacha rathúla. I gcomparáid leis sin, léiríonn na Ballstáit a bhfuil creataí forfheidhmiúcháin acu le haghaidh sáruithe REMIT bunaithe ar bhearta riaracháin taifid forfheidhmiúcháin níos airde.

Ina theannta sin, meastar go neartófar an forfheidhmiú a thuilleadh trí chreat REMIT II a tugadh isteach le déanaí, creat a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit é a chur chun feidhme. Mar a mhínítear thuas, ní hamháin go bhfuil cumhachtaí treisithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe ÚRN i gceist leis an gcreat nua sin, ach tá oibleagáid ar na Ballstáit freisin creat na mbeart comhchuibhithe íosta a leagtar amach in Airteagal 18 de REMIT leasaithe a chomhlíonadh.

Le cur chun feidhme creataí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 18 de REMIT leasaithe, neartófar forfheidhmiú REMIT agus áiritheofar a éifeachtacht agus a éifeacht dhíspreagthach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún díriú ar chur chun feidhme na bhforálacha agus na gcreataí nua sin chun leas iomlán a bhaint as forfheidhmiú neartaithe agus chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an láthair.

Faoin 8 Bealtaine 2027 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tá an Coimisiún le tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéantar measúnú an ndéantar foráil maidir le pionóis as sáruithe REMIT agus an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na mBallstát. Más rud é, tar éis an próiseas cur chun feidhme d'Airteagal 18 de REMIT leasaithe a thabhairt chun críche, go ndealraíonn sé go bhfuil gá le cionta coiriúla agus pionóis a chomhfhogasú i leith cásanna intinneacha agus tromchúiseacha de sháruithe REMIT chun cur chun feidhme éifeachtach REMIT II a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún athmhachnamh a dhéanamh, i gcomhthéacs an mhéid sin, an bhfuil gá le haon chomhchuibhiú breise ar leibhéal an Aontais.